# ACHOIMRE AR BHUISÉAD 2025

Seo iad na príomhbhearta cánach atá sa Ráiteas Buiséid dar dáta an 01 Deireadh Fómhair 2024, arna dhéanamh ag an Aire Airgeadais.

## Cánacha agus Muirir Phearsanta

### Rátaí Cánach agus Bandaí Cánach

Luaitear na hathruithe i **gcló trom.**

| Cúinsí Pearsanta | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach, gan leanbh cáilitheach | **44,000** @ 20% Iarmhéid @ 40% | 42,000 @ 20% Iarmhéid @ 40% |
| Duine singil nó baintreach nó páirtnéir sibhialta marthanach, incháilithe le haghaidh creidmheas cánach cúramóra linbh do dhuine singil | **48,000** @ 20% Iarmhéid @ 40% | 46,000 @ 20% Iarmhéid @ 40% |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta, ioncam ag céile nó páirtnéir sibhialta amháin | **53,000** @ 20% Iarmhéid @ 40% | 51,000 @ 20% Iarmhéid @ 40% |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta, ioncam ag an mbeirt céile nó páirtnéirí sibhialta | **53,000** @ 20% le méadú **35,000** uas.- Iarmhéid @ 40% | 51,000 @ 20% le méadú de 33,000 uas. Iarmhéid @ 40% |

### Creidmheasanna Cánach

Luaitear na hathruithe i **gcló trom.**

| Creidmheasanna Cánach | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Duine singil | **2,000** | 1,875 |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta | **4,000** | 3,750 |
| Creidmheas Cánach Fostaí | **2,000** | 1,875 |
| Creidmheas Cánach i | **2,000** | 1,875 |
| Baintreach (Fir nó Mná) nó Páirtnéir Sibhialta Marthanach (gan leanbh cáilitheach) | **2,540** | 2,415 |
| Creidmheas Cánach Cúramóra Linbh do | **1,900** | 1,750 |
| Creidmheas Cánach i | **3,800** | 3,500 |
| **Creidmheas Cánach na nDall – Duine singil** | **1,950** | 1,650 |
| Pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta: • Céile nó páirtnéir sibhialta amháin dall | **1,950** | 1,650 |
| • An bheirt céile nó pháirtnéirí sibhialta dall | **3,900** | 3,300 |
| Gaol Cleithiúnach | **305** | 245 |
| Creidmheas Cánach Cúramóra Baile | **1,950** | 1,800 |

### Teorainneacha díolúine

Níl aon athrú ar na teorainneacha díolúine ó Cháin Ioncaim do dhaoine atá 65 bliana d'aois agus os a chionn.

### Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU)

Luaitear na hathruithe i leith tairseacha agus rátaí MSU **i gcló trom**.

*Rátaí Caighdeánacha MSU*

| 2025 € | Ráta | 2024 € | Ráta |
|---|---|---|---|
| Ioncam suas go dtí 12,012 | 0.5% | Ioncam suas go dtí 12,012 | 0.5% |
| Ioncam ó 12,012.01 go dtí **27,382.00** | 2% | Ioncam ó 12,012.01 go dtí 25,760.00 | 2% |
| Ioncam ó **27,382.01** go dtí 70,044.00 | **3%** | Ioncam ó 25,760.01 go dtí 70,044.00 | 4% |
| Ioncam os cionn 70,044.00 | 8% | Ioncam os cionn 70,044.00 | 8% |

*Rátaí Laghdaithe MSU*

Níl aon athrú ar na Rátaí Laghdaithe MSU.

### Díolúine i leith Sochar Beag

Ón 1 Eanáir 2025, tá líon na ndearbhán nó na sochar bliantúil ag méadú ón gcéad dá cheann go dtí an chéad chúig cinn agus tá an teorainn díolúine ag méadú ó €1,000 go dtí **€1,500**. Scoirfidh an díolúine d'fheidhm a bheith aici don bhliain chánach 2030 agus do bhlianta ina dhiaidh sin.

### Creidmheas Cánach Cíosa

Tá an Creidmheas Cánach Cíosa ag méadú go dtí **€1,000** in aghaidh an duine aonair agus **€2,000** in aghaidh na lánúine faoi mheasúnú comhpháirteach. Beidh feidhm siarghabhálach ag an méadú seo do 2024 agus beidh sé ar fáil freisin chun éileamh a dhéanamh i leith 2025.

### Faoiseamh i leith Ús Morgáiste

Tá síneadh á chur go dtí 2024 leis an gCreidmheas Cánach i leith Ús ar Mhorgáiste a tugadh isteach i mBuiséad 2024 do cháiníocóirí a dhéanann íocaíochtaí i leith iasacht cháilitheach do phríomháit chónaithe phríobháideach.

Ríomhtar an faoiseamh bunaithe ar an méadú a tháinig ar ús a íocadh in 2024 thar ús a íocadh in 2022. Níl aon athrú ar luach an chreidmheasa ná ar gach critéar cáilitheach.

### Sochar Comhchineáil ar Fheithiclí arna Soláthar ag Fostóir

Beidh an méid seo a leanas i bhfeidhm ar Shochar Comhchineáil ar fheithiclí arna soláthar ag fostóir do 2025:

- Beidh laghdú €10,000 i bhfeidhm ar an luach margaidh oscailte (LMO), chun an méid Sochar Comhchineáil iníoctha a laghdú, i gcás gach gluaisteáin i gCatagóir A, B, C agus D (seachas E) agus le gach veain.

- Fanfaidh an laghdú reatha €35,000 ar LMO i bhfeidhm maidir le gach feithicil leictreach.

Fanfaidh an teorainn míleáiste is lú sa bhanda míleáiste is airde, a bhaineann le gluaisteáin a chuirtear ar fáil d'fhostóirí ag 48,000 le haghaidh 2025.

**Áiseanna Luchtaithe Baile d'Fheithiclí Leictreacha**
Beidh feidhm ag díolúine ó Shochar Comhchineáil ón 1 Eanáir 2025, faoi réir coinníollacha áirithe, sa chás go gcuireann fostóir áis ar fáil chun feithicil leictreach a luchtú ag áit chónaithe cháilitheach stiúrthóra nó fostaí.

**Creidmheas Cánach do Phearsanra Muirghabhála Cabhlaigh**
Tá síneadh ama go dtí an 31 Nollaig 2029 curtha leis an gCreidmheas Cánach €1,500 do Phearsanra Muirghabhála Cabhlaigh.

## Maoin

**Cabhair le Ceannach (CLC)**
Cuireadh síneadh leis an Scéim Cabhair le Ceannach go dtí an 31 Nollaig 2029.

**Speansais Réamh-Ligin ar Áitribh Fholmha Chónaithe**
Cuireadh síneadh go dtí deireadh na bliana 2027 leis an asbhaint i leith speansais réamh-ligin a thabhaítear ar mhaoin atá folamh ar feadh sé mhí nó níos mó. Ní mór gur sa tréimhse 12 mhí sular ligeadh an mhaoin mar áitreabh cónaithe a tabhaíodh an caiteachas. Tá uasteorainn €10,000 in aghaidh na maoine i bhfeidhm ar chostais incheadaithe. Beidh an faoiseamh faoi réir aisghlámadh má tharraingítear an mhaoin siar ón margadh cíosa taobh istigh de cheithre bliana.

**Cáin ar Thithe Folmha (CTF)**
Is cáin fhéinmheasúnaithe é CCF a bhaineann le maoine cónaithe ináitrithe a áitíodh ar feadh níos lú ná 30 lá i dtréimhse inmhuirir 12 mhí, ón 1 Samhain go dtí an 31 Deireadh Fómhair den bhliain dár gcionn. Méadaíodh an ráta CTF do thréimhsí inmhuirir ón 1 Samhain 2024 ar aghaidh go dtí seacht n-oiread an bhundliteanais CMÁ do gach maoin dhliteanach.

**Cáin Talún Cónaí-Chriosaithe (CTCC)**
Cuirfear deis eile ar fáil d'úinéirí talún atá faoi réir CTCC in 2025 athrú a lorg ar chriosú na talún sin. Féadfaidh feidhm a bheith ag díolúine ó dhliteanas CTCC 2025 de bhun iarratais athchriosaithe den sórt sin.

## Cáin Fáltas Caipitiúil (CFC)

**Tairseacha Saor ó Cháin**
Méadaítear tairseacha saor ó cháin Ghrúpa CFC A, B agus C mar seo a leanas:

| Grúpthairseach | Nua | Reatha |
|---|---|---|
| Grúpa A | **€400,000** | €335,000 |
| Grúpa B | **€40,000** | €32,500 |
| Grúpa C | **€20,000** | €16,250 |

Chun tuilleadh eolais a fháil ar thairseacha CFC, féach www.revenue.ie/catthresholds

## Dleacht Stampa

**Maoin Chónaithe**
Ón 2 Deireadh Fómhair, cuirtear ráta nua Dleachta Stampa 6% i bhfeidhm ar thíolacais nó aistrithe ar dhíol agus léasanna maoine cónaithe sa chás go bhfuil an chomaoin os cionn €1,500,000.

| Rátaí Cónaithe | Comaoin |
|---|---|
| 1% | Suas le €1,000,000 |
| 2% | €1,000,001 go €1,500,000 |
| 6% | Níos mó ná €1,500,000 |

I gcás go raibh conradh ceangailteach i bhfeidhm roimh an 2 Deireadh Fómhair agus go ndéantar an gníomhas tíolacais nó aistrithe nó léasa a fhorghníomhú ina dhiaidh sin roimh an 1 Eanáir 2025, gearrfar Dleacht Stampa ag na rátaí réamhbhuiséid de 1% ar chomaoin suas le €1,000,000 agus 2% den iarmhéid.

**Tobhach Bainc**
Tá síneadh ama bliana eile go dtí 2025 á chur leis an tobhach bainc. Ní thiocfaidh aon athrú ar ráta an tobhaigh ná ar an mbonnbhliain a úsáideadh don ríomh ó 2024.

**Ceannacháin Builc Maoine Cónaithe**
Ón 2 Deireadh Fómhair, méadaíonn an t-ardráta Dleachta Stampa atá i bhfeidhm sa chás go bhfaigheann duine 10 maoin chónaithe nó níos mó laistigh de thréimhse 12 mhí go 15%.

Leanfaidh an ráta reatha 10% d'fheidhm a bheith aige maidir le conarthaí ceangailteacha a bheidh i bhfeidhm roimh an 2 Deireadh Fómhair 2024 i gcás ina bhforghníomhófar an ionstraim roimh an 1 Eanáir 2025.

## Cáin Gnóthachan Caipitiúil (CGC)

**Faoiseamh Scoir – Diúscairt laistigh den Teaghlach**
Baineann an leasú seo leis an ndliteanas CGC a eascraíonn as an méid seo a leanas:

- duine aonair atá 55 bliana d'aois agus os a chionn agus sócmhainní cáilitheacha á n-aistriú acu chuig leanbh
- gur mó luach na sócmhainní den chineál sin ná an teorainn saoil €10 milliún ar fhaoiseamh CGC atá ar fáil maidir le haistrithe den chineál sin
  agus
- nuair a tharlaíonn an t-aistriú/na haistrithe ar an 1 Samhain 2025 nó dá éis sin.

Féadfaidh an duine aonair a dhéanann an t-aistriú an dliteanas CGC a thagann chun cinn i gcúinsí den sórt sin a iarchur.

Sa chás go ndiúscraíonn an leanbh a n-aistrítear na sócmhainní cáilitheacha chuige nó chuici na sócmhainní laistigh de 12 bhliain ón aistriú, criostalóidh an dliteanas CGC iarchurtha. Déanfar an dliteanas a mheasúnú agus a ghearradh ar an leanbh ansin. Beidh sé seo sa bhreis ar aon dliteanas CGC a eascraíonn as an ngnóthachan a fhabhraíonn chuig an leanbh ar dhiúscairt na sócmhainní. Sa chás go gcoinníonn an leanbh úinéireacht ar na sócmhainní cáilitheacha ar feadh 12 bhliain, féadtar an dliteanas CGC iarchurtha a laghdú ina iomláine.

**Faoisimh Cánach Gnóthachan Caipitiúil (CGC) d'Infheisteoirí**
Soláthraíonn an beart seo faoiseamh CGC do dhaoine aonair tríú páirtí a ghlacann scairsheilbh shuntasach mhionlaigh ar feadh 3 bliana ar a laghad i gcuideachtaí nuálacha nuathionscanta deimhnithe FBM atá níos lú ná 7 mbliana d'aois. Féadfaidh na daoine seo leas a bhaint as ráta laghdaithe éifeachtach CGC de 16%, nó 18% le haghaidh comhpháirtíochtaí. Féadtar an faoiseamh a chur i bhfeidhm ar ghnóthachan suas le dhá oiread luach a n-infheistíochta tosaigh agus tá sé faoi réir teorainn saoil €10 mhilliún.

## Cáin Chorparáide (CC)

**Díolúine Rannpháirtíochta**
Tá díolúine ó Cháin Chorparáide á thabhairt isteach don bhliain 2025 d'ioncam ó dhíbhinní eachtracha áirithe. Leagfar tuilleadh sonraí amach sa Bhille Airgeadais.

**Caiteachas ar Liostú Stocmhalartáin**
Tá asbhaint Cánach Corparáide á thabhairt isteach do 2025 le haghaidh caiteachais a thabhaítear go hiomlán agus go heisiach chun scaireanna cuideachta a ligean isteach chun a dtrádála ar stocmhalartán sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Ní bhainfidh faoiseamh ach le liostaí céaduaire amháin. Is é €1 milliún uasmhéid an chaiteachais a bheidh inasbhainte.

**Faoiseamh Scannán Alt 481**
Tá ráta feabhsaithe á thabhairt isteach don Chreidmheas Cánach i leith Scannán le haghaidh fadscannáin le huaschaiteachas cáilitheach de €20m. I gcás scannáin a cháilíonn don ráta feabhsaithe, déanfar an creidmheas a ríomh ag 40%. Tá an beart faoi réir ceadú i leith cúnamh Stáit.

**Creidmheas Cánach do Léiriúchán Neamhscriptithe**
Tá Creidmheas Cánach Corparáide á thabhairt isteach le haghaidh caiteachais áirithe ar chláir neamhscriptithe. Mar aon le faoisimh den chineál céanna, beidh an creidmheas seo faoi réir tástála cultúir agus ríomhfar é ag ráta 20% do chlár neamhscriptithe suas le huaschaiteachas tionscadail de €15m. Tá an beart seo faoi réir ceadú i leith cúnamh Stáit.

**Creidmheas Cánach Taighde agus Forbartha (T&F)**
Méadófar sui an chreidmheasa cánach corparáide T&F atá iníoctha i mbliain a haon ó €50,000 go €75,000.

**Alt 486C Faoiseamh do Chuideachtaí Nua-Thionscanta áirithe**
Ó 2025 ar aghaidh, chomh maith le faoiseamh cánach a ríomh do chuideachtaí nuathionscanta de bhun tagartha do shuim Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa (ÁSPC) an fhostóra, ríomhfar faoiseamh freisin trí thagairt a dhéanamh don tsuim ÁSPC Aicme S a d'íoc stiúrthóir de chuid na cuideachta. Tá sé seo faoi réir uasmhéid €5,000 ÁSPC fostóra in aghaidh an fhostaí, €1,000 ÁSPC Aicme S in aghaidh an stiúrthóra cuideachta agus €40,000 ar an iomlán.

**Liúntais luathaithe chaipitiúla le haghaidh feithiclí gáis agus trealamh athbhreoslaithe**
Tá síneadh bliana á chur leis an scéim liúntas luathaithe caipitiúil d'fheithiclí gáis agus trealamh athbhreoslaithe go dtí an 31 Nollaig 2025.

**Teorainneacha astaíochtaí-bhunaithe ar liúntais chaipitiúla agus costais d'fheithiclí bóthair áirithe**
Tá laghdú á dhéanamh ar mhéid an chaiteachais a fhéadann cáiliú le haghaidh faoiseamh cánach do chatagóirí áirithe feithiclí tráchtála.
Beidh feidhm ag an bhforáil seo ón 1 Eanáir 2027.

## Feirmeoireacht

**Liúntais Caithimh agus Cuimilte a Luathú le haghaidh Trealamh Sábháilteachta Feirme**
Tá liosta na míreanna a cháilíonn do liúntais luathaithe tar éis a bheith méadaithe.

**Faoiseamh Stoic**
Tá síneadh trí bliana eile á chur leis na faoisimh stoic seo a leanas go dtí an 31 Nollaig 2027:
- Faoiseamh 25% i leith stoc ginearálta d'fheirmeoirí
- Faoiseamh stoic 50% do chomhaltaí de Chomhpháirtíochtaí Feirme Cláraithe agus
- Faoiseamh stoic 100% d'Fheirmeoirí Óga Oilte áirithe.

**Faoiseamh i leith Léasanna Talún Feirme**
Tá athbhreithniú le déanamh ar an bhfaoiseamh i leith léasanna ar thalamh feirme ionas gur féidir le cuideachta chomh maith le duine aonair é a éileamh, faoi réir coinníollacha áirithe a bheith comhlíonta.

**Faoiseamh d'Fheirmeoirí Óga Oilte**
Sa chás go n-éilítear faoiseamh d'Fheirmeoirí Óga Oilte, ní mór don fheirmeoir óg oilte 50% ar a laghad dá ghnáth-am oibre a chaitheamh i mbun feirmeoireachta ar an talamh ar feadh 5 bliana. Tá athbhreithniú le déanamh ar an bhfaoiseamh ionas gur féidir an coinníoll seo a chomhlíonadh nuair a dhéanann an feirmeoir óg oilte feirmeoireacht ar an talamh trí chomhlacht, faoi réir coinníollacha áirithe a bheith comhlíonta.

**Faoiseamh Cánach Fáltas Caipitiúil (CFC)**
Leasaíodh an Faoiseamh Talmhaíochta CFC chun foráil a dhéanamh nach mór an mhaoin talmhaíochta a bheith faoi úinéireacht an diúscróra (an duine a sholáthair an bronntanas nó an oidhreacht) ar feadh tréimhse 6 bliana roimh dháta an bhronntanais nó na hoidhreachta, agus nach mór don diúscróir nó don duine ar tugadh an mhaoin dó ar léas í a úsáid chun críocha feirmeoireachta.

**Breis Cothromráta d'Fheirmeoirí**
Le héifeacht ón 1 Eanáir 2025, méadófar an breis cothromráta d'fheirmeoirí ó 4.8% go dtí 5.1%.

## Cáin Bhreisluacha (CBL)

**Soláthairtí Gáis agus Leictreachais**
Tá síneadh 6 mhí go dtí an 30 Aibreán 2025 le cur i bhfeidhm ar an dara ráta laghdaithe CBL de 9% ar sholáthairtí gáis agus leictreachais.

**Tairseacha Clárúcháin CBL**
Le héifeacht ón 1 Eanáir 2025, ardófar na tairseacha láimhdeachais a bhfuil dualgas ar sholáthraithe clárú le haghaidh CBL ina ndiaidh:

- I gcás soláthraí earraí, is é **€85,000** an tairseach nua, suas ó €80,000.
  agus
- I gcás soláthraí seirbhísí (nó soláthairtí measctha), is é **€42,500** an tairseach nua, suas ó €40,000.

Féadfaidh soláthraithe a bhfuil a láimhdeachas faoi mhéid na tairsí roghnú clárú le haghaidh CBL.

**Teaschaidéil a Sholáthar agus a Shuiteáil**
Le héifeacht ón 1 Eanáir 2025, beidh feidhm ag an dara ráta laghdaithe CBL de 9% maidir le soláthar agus suiteáil córas téimh astaíochtaí ísle.

## Mál

**Cáin ar Tháirgí Tobac (CTT)**
Tá na rátaí CTT á mhéadú le héifeacht ón 02 Deireadh Fómhair 2024. Is éard atá sa mhéadú ná **€1.00** CBL san áireamh, ar phaicéad 20 toitín, agus méaduithe pro rata ar tháirgí eile tobac.

**Cáin ar Tháirgí Leachta Toitíní Leictreonach (EPT)**
Tá cáin ar tháirgí leachta toitíní leictreonach le tabhairt isteach faoi réir ordú um thosach feidhme.

Gearrfar an cháin seo ar sholáthar táirgí leachta toitíní leictreonach a dhéantar sa Stát agus beidh feidhm leis ag ráta **€0.50** an ml.

**Cáin Ola Mianra (COM)**
Méadófar an comhchuid charbóin den COM ón 9 Deireadh Fómhair 2024, rud a fhágfaidh go mbeidh rátaí foriomlána COM ann de:

- €688.78 an 1,000 lítear ar pheitreal agus gásailín eitlíochta
  agus
- €595.68 an 1,000 lítear ar dhíosal cairr agus ola throm a úsáidtear le haghaidh loingseoireachta aeir agus áineasa príobháidí.

Tiocfaidh méaduithe ar an gcomhpháirt charbóin agus rátaí foriomlána COM ar bhreoslaí eile i bhfeidhm ar 1 Bealtaine 2025.

**Cáin Charbóin ar Ghás Nádúrtha (CCGN)**
Méadófar an ráta CCGN go **€11.48** in aghaidh na huaire meigeavata (ag luach calrach comhlán) ón 1 Bealtaine 2025.

**Cáin Charbóin ar Bhreosla Soladach (CCBS)**
Méadófar rátaí CCBS ón 1 Bealtaine 2025 go dtí:

- **€167.24** an tonna ar ghual
- **€116.43** an tonna ar bhrícíní móna
- **€57.70** an tonna ar mhóin mheilte
  agus
- **€86.54** an tonna ar mhóin eile.

**Faoiseamh le haghaidh Táirgeoirí Beaga Leann Úll agus Leann Piorraí ó Dhleacht Mháil ar Tháirgí Alcóil agus deochanna coipthe eile**
Tá an scéim faoisimh le haghaidh leann úll agus leann piorraí arna dtáirgeadh ag táirgeoirí beaga neamhspleácha cáilitheacha á leathnú amach chuig leann úll agus leann piorraí le toirt níos mó ná 8.5%. Níl feidhm aige faoi láthair ach amháin ar leann úll agus leann piorraí le toirt níos mó ná 2.8% ach nach mó ná 8.5%.

Tá an scéim seo á leathnú amach chun deochanna coipthe eile (seachas leann úll agus leann piorraí) a chur san áireamh. Beidh feidhm ag an bhfaoiseamh leis na deochanna seo nuair a tháirgtear iad in éineacht le leann úll agus leann piorraí suas le 10,000 heictilítear in aghaidh na bliana san iomlán. Tabharfar faoiseamh ar mhéideanna suas le 8,000 heictilítear san iomlán in aghaidh na bliana.

Laghdaíonn an faoiseamh seo an ráta caighdeánach cánach ar Tháirgí Alcóil faoi 50%.

## Cáin Chláraithe Feithiclí (CCF)

**Feithiclí Leictreacha Tráchtála**
Ón 1 Eanáir 2025, athróidh an cóimheas meáchain d'fheithiclí leictreacha tráchtála ó 130% go 125% chun cáiliú don ráta CCF €200.

**Rátaí CCF d'Fheithiclí Chatagóir B**
Ón 1 Iúil 2025, gearrfar CCF ar fheithiclí chatagóir B (feithiclí beaga tráchtála) bunaithe ar astaíochtaí CO2 na feithicle. Ríomhfar CCF ag tagairt don tábla seo a leanas:

| Astaíochtaí $CO_2$ (CO2 g/k) | Céatadán iníoctha de luach na feithicle |
|---|---|
| 0g/km go 120g/km | 8% |
| Níos mó ná 120g/km | 13.3% |

## Tairseacha, faoisimh agus liúntais eile

**Faoiseamh i leith Infheistíochta i dTrádálacha Corparáideacha**
Tá síneadh á chur leis na faoisimh don Dreasacht Infheistíochta Fostaíochta (EII), an Faoiseamh d'Fhiontraithe i leith Cuideachtaí Nuathionscanta (SURE) agus na faoisimh don Dreasacht Caipitil do Ghnóthaí Nuathionscanta (SCI) go dtí an 31 Nollaig 2026.

I measc na n-athruithe eile tá:

- i ndáil le EII, tá an t-uasmhéid infheistíochta ar a bhféadfaidh infheisteoir faoiseamh a éileamh á mhéadú ó €500,000 go €1,000,000 in aghaidh na bliana.
  agus
- tá an t-uasmhéid infheistíochta ar a bhféadfaidh infheisteoir SURE éileamh a dhéanamh á mhéadú go dtí **€140,000** in aghaidh na bliana.

Cuirfear athruithe breise san áireamh sa Bhille Airgeadais.

**Séanadh Dlíthiúil**
Tá sé i gceist go dtabharfadh an achoimre seo cur síos ar an ábhar i dtéarmaí ginearálta. Mar sin, ní dhéantar iarracht gach ceist a chlúdach inti a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis an ábhar. Níl sí ceaptha a bheith ina léirmhíniú dlíthiúil ar na forálacha reachtúla agus mar sin, ní fhéadtar glacadh le haon dliteanas a thabhaítear nó caillteanas a fhulaingítear mar thoradh ar bheith ag brath ar aon ábhar atá foilsithe istigh anseo.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

www.revenue.ie

**Athfhoilsithe an 2 Deireadh Fómhair 2024.**